

## Achoimre – An Gnáthrud;

Bhí Jimmy sa teach tairbhne oíche aoine amháin i mBéal Feirste. Bhí sé ag ól lena chairde mar ba ghnách gach aoine. Smaoinigh sé ar a bhean agus a pháistí sa bhaile. Bheadh Sarah ag iarraidh an triúr páiste a bhí acu a chur chuig an leaba. Bheadh John an duine ba shine ag troid ach bheadh an bua ag Sarah.

Bhí obair na seachtaine thart ach ní raibh Jimmy sásta bheith ag ól. Bhí cúpla nua acu agus ní raibh sé ag baint taitneamh as an seisiún óil. Thaitin na daoine agus an craic leis ach níor ól sé mórán. Dúirt Sarah leis dul ag ól agus gan a bheith sa bhaile roimh a deich.

Bhí sé in am do Jimmy le deoch a cheannach. Cheap sé ag an mbéar go rachadh sé go dtí an Jasmine Palace agus go gceannódh sé curry agus chop suey. Cheannaigh sé deoch dá chairde; ní raibh Billy ag lorg deoch mór. Cheap Jimmy go raibh seo greannmhar mar go bhfanfadh Billy sa teach tairbhne go dtí an dúnadh. Bhí a bhean chéile i Sasana mar go raibh leanbh nua acu. Ní raibh an Gaffer sásta le Billy mar go raibh sé ólta agus é ag obair. Shabháil Jimmy é uair nó dhó. D'ímigh Jimmy den bheár le líosta ina cheann aige de na deochanna.

Chonaic sé Micí an freastalaí. Bhí na fir céanna ina seasamh ag an beár gach seachtain. Bhí ionadh ar Jimmy mar gheall ar seo b'fheidir go raibh saol uafásach acu sa bhaile. Cheap Jimmy go raibh an tádhdh leis – bhí paistí, bean agus teach deas aige. Cheannaigh siad an teach ón Housing Executive agus dheisigh siad é. Rinne Sarah na cúrtíní agus dheisigh sí na seanchathaoireacha. Chuir sí órd ar gach sheomra agus anois bhí an teach go hálainn acu. Bhí Jimmy ag fanacht chun dul abhaile – bhí fíon aige fhéin agus Sarah. Bhreathnóidís ar scannán le chéile. Smaoinigh Jimmy ar a phaistí. Mhóthaigh sé go dona – ba mhaith leis bheith leo agus spraoi leo. Thóg se na deochanna ar ais do na leaids agus d'ól sé a deoch deireannach. D'fhág sé an teach tairbhne agus ar aghaidh chuig an bialann Síneach leis. Mí na Samhna a bhí ann agus bhí ceo ar an tsráid.

Shiúil sé go dtí an bialann. Bhí boladh laidir agus scata déagóirí ar meisce istigh ann. Bhí siad ag féachaint ar an mbiachlár gan mórán airgead acu. Bhí Liz thaobh thiar den gcúntar, máthair singil a bhí inti, fiche blian d'aois le hiníon ceithre bliana d'aois aici. Dúirt sí do Jimmy go raibh sé luath agus d'fhreagair Jimmy gur theastaigh uaidh na paistí a fheiceáil. Dúirt sí nach raibh mórán fear cosúil leis mar go raibh an chuid is mó de na fir ró-tugtha don ól. Bhí náire ar Jimmy agus tháinig duine de na déagóirí chuige ag lorg airgid uaidh. Thug Jimmy cúpla pingin dó agus ghabh an buachaill buíochas dó. Chuaigh sé ar ais go dtí a chairde agus cheannaigh siad iasc, sceallóga agus curry. Labhair siad go garbh dá chéile.

Faoi dheireadh tháinig bia Jimmy amach trí fhuinneog beag sa bhalla. D'fhág Jimmy slán ag Liz agus chuir sé an bia faoina chasóg. Bhí sé ag smaoineamh ar Sarah. Níor chuala sé an charr gan solas ag dul go mall. Scaoil fear urchar as gunna leis. Bhuail sé Jimmy sa cheann agus thit Jimmy ina fhuil fhéin ar tsráid.